Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15216/24**

**STATIS 115**
**ECOFIN 1253**
**UEM 389**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staidreamh an Aontais Eorpaigh<br>– Conclúidí ón gComhairle maidir le Staidreamh an Aontais Eorpaigh (an 5 Samhain 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, Conclúidí 2024 ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ecofin) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Samhain 2024.

**Conclúidí 2024 ón gComhairle**
**maidir le staidreamh**
**an Aontais Eorpaigh**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2023 maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), agus aird á tabhairt ar na treoirlínte polaitiúla don Choimisiún, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an dul chun cinn atá déanta a bhaineann le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, faireachas ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus staidreamh struchtúrach.

**Staidreamh Eorpach agus an Córas Staidrimh Eorpach a chur in oiriúint don todhchaí**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an t-athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar Rialachán (CE) 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach lena gcuirfear ar chumas an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) leas a bhaint as acmhainneacht na bhfoinsí agus na dteicneolaíochtaí sonraí digiteacha agus a bheith níos freagrúla trí rochtain a fháil ar fhoinsí nua sonraí, trí shásra a chur ar fáil chun freagairt staidrimh a thabhairt ar ghéarchéimeanna agus tríd an nuálaíocht a chothú agus staidreamh nua a fhorbairt, agus aird chuí á tabhairt ar an ualach tuairiscithe ar na freagróirí a laghdú.

I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle do CSE úsáid a bhaint as na huirlisí nua atá ar fáil dó chun staidreamh ardcháilíochta a fhorbairt agus a sholáthar; rannchuideoidh an staidreamh sin le tosaíochtaí an Aontais – Eoraip rathúil, iomaíoch, inbhuanaithe; Eoraip atá níos sábháilte, níos sláine; agus Eoraip atá cothrom, daonlathach.

AITHNÍONN an Chomhairle gur cuireadh próiseas athbhreithnithe piaraí CSE i gcrích go rathúil agus gur foilsíodh an tuarascáil deiridh agus MOLANN SÍ do Eurostat, do na húdaráis staidrimh náisiúnta agus d'údaráis ábhartha eile na mBallstát, na moltaí a chur chun feidhme chun córais staidrimh náisiúnta agus Eorpacha araon a fhorbairt a thuilleadh.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag CSE an litearthacht staidrimh a chur chun cinn agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici a áirithiú go mbeidh staidreamh ábhartha ar ardchaighdeán ar fáil a bheidh ina chuidiú agus í ag dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus a chuirfidh le seiceáil fíricí agus le cosaint an daonlathais.

**Acmhainní leordhóthanacha le haghaidh staidreamh oifigiúil**

LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar an ngá atá ann a áirithiú go mbeidh acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha ann do Eurostat agus agus do na hÚdaráis Staidrimh Náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais phráinneacha sonraí atá ann faoi láthair agus ar cheanglais bhreise phráinneacha, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le rathúnas agus iomaíochas gheilleagar an Aontais, athléimneacht a ghnólachtaí, agus a ullmhacht i gcomhair slándála agus géarchéime.

**Tuarascáil Stádais 2024 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na feabhsuithe breise a rinneadh ar cháilíocht agus ar infhaighteacht na bPríomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha agus foilsiú innéacs míosúil nua de tháirgeadh seirbhísí ó mhí Aibreáin 2024 i leith.

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS an ról tábhachtach atá ag Príomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha i gcónaí mar bhonn chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha agus TÁ SÍ AG TNÚTH le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur cuireadh an t-athbhreithniú meántéarma a rinneadh ar Chlár Tarchurtha CCE 2010 chun feidhme le linn athbhreithniú tagarmharc 2024 ar na cuntais náisiúnta, as a dtiocfaidh sonraí feabhsaithe agus níos tráthúla d'úsáideoirí.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí leanúnacha faoi Thionscnamh G-20 maidir le bearnaí sonraí, agus go háirithe an obair atá ar bun maidir le staidreamh i ndáil leis an athrú aeráide agus maidir le bearta dáileacháin ar ioncam teaghlaigh, ar thomhaltas agus ar rachmas, atá ríthábhachtach chun príomhbheartais an Aontais a chur i gcrích.

**Staidreamh réadmhaoine**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an obair atá á déanamh ag CSE chun staidreamh réadmhaoine tráchtála a fhorbairt agus a fheabhsú, agus aghaidh á tabhairt aici ar an moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach maidir le leochaileachtaí in earnáil na réadmhaoine tráchtála sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus TÁ SÍ AG SÚIL le togra reachtach ón gCoimisiún.

MOLANN an Chomhairle do CSE leanúint de na hiarrachtaí staidreamh níos mionsonraithe agus níos tráthúla maidir leis an tithíocht shóisialta a chur ar fáil ós rud é gur iomaí dúshlán atá roimh go leor Eorpach teacht ar thithíocht inacmhainne.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle iarrachtaí CSE tráthúlacht agus minicíocht táscairí praghsanna tithíochta a fheabhsú, lena n-áirítear tobmheastacháin a fhorbairt.

**Staidreamh don Chreat athbhreithnithe Eorpach um Rialachas Eacnamaíoch agus don Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Mhaicreacnamaíocha (NIMM)**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an staidreamh breise i réimse an Airgeadais Rialtais chun an Creat nua Eorpach um Rialachas Eacnamaíoch a chur chun feidhme agus MOLANN SÍ go ndéanfaí iad a fhorbairt a thuilleadh agus go mbeadh tuilleadh foilseachán ina leith.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur foilsíodh sraith iomlán de chuntais bhliantúla airgeadais agus neamhairgeadais agus d'fhiachas Maastricht d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle dearbhú cáilíochta an staidrimh atá mar bhonn le NIMM agus IS MÓR AICI tuarascáil measúnaithe cáilíochta bhliantúil CSE-CEBC ar an staidreamh is bonn le NIMM ó Eurostat agus ón mBanc Ceannais Eorpach, Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI na gníomhaíochtaí a sainaithníodh inti.

**Staidreamh fuinnimh**

LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar an ardtosaíocht a bhaineann le staidreamh fuinnimh atá tráthúil, iontaofa, lena n-áirítear chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Chomhaontaithe Thionsclaíoch Ghlain agus chun spleáchas na hEorpa ar allmhairiú fuinnimh a laghdú, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI tabhairt chun críche na hoibre teicniúla ar staidreamh faoi chlaochluithe breosla agus foilsiú táscairí nua maidir le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, breoslaí nua agus stóráil fuinnimh, chomh maith le staidreamh mionsonraithe maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus spleáchas ar allmhairí.

**Staidreamh maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus leis an bhfás inbhuanaithe**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle soláthar táscairí staidrimh agus faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus béim athnuaite Eorpach ar an bhfás inbhuanaithe agus MOLANN SÍ do Eurostat leanúint de bheith i mbun faireachán, i gcomhar leis na Ballstáit, ar an dul chun cinn chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

**Staidreamh gnó**

MOLANN an Chomhairle do CSE leanúint dá iarrachtaí an nascadh micreashonraí agus teicnící eile do shonraí gnó a úsáid chun staidreamh nua agus léargas nua a fháil ar iomaíochas agus athléimneacht ghnólachtaí na hEorpa, lena n-áirítear FBManna, agus é sin a dhéanamh gan an t-ualach tuairiscithe a mhéadú.

TÁ an Chomhairle AG SÚIL LEIS an staidreamh turgnamhach a aithníonn na hearnálacha a bhíonn ag brath go mór ar allmhairí amhábhar criticiúil agus comhpháirteanna bunriachtanacha ó thríú tíortha agus faireachán a dhéanamh orthu, agus is díol sásaimh di freisin an staidreamh a léiríonn an éifeacht a bhíonn ag gníomhaíochtaí nuálaíochta agus taighde agus forbartha ar an gcaoi a bhfeidhmíonn gnólachtaí na hEorpa.

LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leanúint den phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme le go ndéanfaí an digiteáil a thomhas ar bhealach níos fearr.

**Staidreamh déimeagrafach agus sóisialta**

LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar a ríthábhachtaí atá Staidreamh Sóisialta comhtháite Eorpach ar ardcháilíocht chun beartais shóisialta Eorpacha a fhorbairt, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur foilsíodh na sonraí píolótacha a bhaineann leis an bhfostaíocht ar na hardáin dhigiteacha agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún iad a áireamh i modúl *ad hoc* den Suirbhé ar an bhFórsa Saothair in 2026.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an togra a tháinig ón gCoimisiún le déanaí maidir le staidreamh an mhargadh saothair i dtaca le gnólachtaí a chuirfidh feabhas ar raon feidhme an staidrimh Eorpaigh, ar a tráthúlacht agus ar a inchomparáideacht sa réimse sin.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an obair leanúnach atá á déanamh chun an staidreamh maidir leis an gcomhionannas, lena n-áirítear an foréigean inscnebhunaithe, a fhorbairt agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na sonraí sin.

TÁ an Chomhairle AG SÚIL le toradh an athbhreithnithe ar an staidreamh a bhaineann leis an tsláinte agus MOLANN SÍ do CSE leanúint d'fheabhsuithe a dhéanamh ar an staidreamh sin.

**An 16ú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB) maidir le cur chun feidhme Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an 16ú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach, a thugann forléargas neamhspleách ar an gCóras Staidrimh Eorpach a mhéid a bhaineann leis an gCód Cleachtais a chur chun feidhme agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí a rinne ESGAB.